Moltaí scríbhneoireachta

Seo thíos liosta de mholtaí ginearálta scríbhneoireachta a d'fhéadfaí a úsáid le páistí ó rang a trí go rang a sé (i scoileanna T2) nó ranganna níos óige i scoileanna T1, chun Rith 2012 a úsáid mar ábhar scríbhneoireachta sa rang Gaeilge. D'fhéadfaí an t-ábhar sa phacáiste - na físeáin, na grianghraif, na póstaeir, na comórtais, srl – a úsáid mar spreagadh.

Ranganna 3 & 4	Ranganna 5 & 6

❖ liostaí focail a bhaineann le Rith 2012 – m.sh. gníomhaíochtaí, na bailte, contaetha na hÉireann, focail as an amhrán srl.
❖ nuacht shimplí faoi Rith 2012
❖ dialann traenála a choimeád
❖ scríbhneoireacht fheidhmiúil:
  ○ nótaí teachtaireachta do thuismitheoirí faoi Rith
❖ puzail agus cluichí focal a chumadh bunaithe ar Rith, na bailte, an t-amhrán srl.
❖ fógraí a scríobh faoi Rith 2012 agus a chrochadh sa scoil agus sa cheantar
❖ bolgáin chainte i gcartúin á líonadh isteach – cartúin bunaithe ar Rith
❖ abairtí aonair agus cuntais níos faide a scríobh faoi ghrianghraif sa **PowerPoint: Grianghraif Rith 2010**.
❖ freagraí á scríobh ar cheisteanna ar ábhar na léitheoireachta
❖ scéal a scríobh faoi Rith 2012 – féach an **Comórtas Scríbhneoireachta**
❖ dán a chumadh – féach **Aonad 1 – Ceol**, agus an **Comórtas Cumadóireachta**.
	❖ liostaí focail a bhaineann le Rith 2012
	❖ nuacht faoi Rith 2012
	❖ dialann traenála a choimeád
	❖ scríbhneoireacht fheidhmiúil:
	  ○ nótaí teachtaireachta do thuismitheoirí faoi Rith
	  ○ treoracha – bunaithe ar chúrsa Rith 2012 (**Féach Aonad 2 – Tíreolaíocht**)
	  ○ foirmeacha iarratais
	❖ puzail agus cluichí focal a chumadh bunaithe ar Rith, na bailte, an t-amhrán srl
	❖ fógraí a scríobh faoi Rith 2012 agus a chrochadh sa scoil agus sa cheantar
	❖ suirbhéanna agus tuairiscí faoi úsáid agus labhairt na Gaeilge sa cheantar
	❖ bolgáin chainte i gcartúin á líonadh isteach
	❖ cuntas a scríobh faoi phictiúr – na pictiúr sa taispeántas **PowerPoint: Grianghraif Rith 2010** a úsáid mar spreagadh
	❖ freagraí á scríobh ar cheisteanna ar ábhar na léitheoireachta– eolas a bhaint as an suíomh gréasáin www.rith.ie.
	❖ scéal nó aiste a scríobh faoi Rith 2012
	❖ dán a chumadh – féach **Aonad 1 – Ceol**, agus an **Comórtas Cumadóireachta**.
	❖ tionscnamh a dhéanamh ar Mo Cheantar – féach **Aonad 2 – Tíreolaíocht**.

Dúshlán breise – cuir isteach ar chomórtas Rith

- Scríobh scéal faoi Rith 2012. D'fhéadfadh fíorscéal nó ficsean a bheith i gceist.
- Cuir isteach ar **Chomórtas Scríbhneoireachta Rith 2012** chun duaiseanna aonair agus ranga a bhuachan. Tuilleadh eolais ar **www.rith.ie/comortais**. nó sa phacáiste seo.